Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021
(OR. en)

9682/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0102(BUD)**

FIN 447

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021 |

**IARSCRÍBHINN**

2021/0102 (BUD)

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2021 go cinntitheach an 18 Nollaig 2020[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 15 Aibreán 2021, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2021;

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 93, 17.3.2021, lch. 1.

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021 a ghlacadh an 21 Meitheamh 2021.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*